

Treoirlíne Airgeadais 2021/2022 - 31

Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha agus Meánscoileanna Deonacha

Clár Samhraidh 2022 Clár Scoilbhunaithe in Iar-bhunscoileanna

1. Réamhrá

Beidh deis ag gach iar-bhunscoil clár samhraidh coicíse a reáchtáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais chasta acu agus do dhaltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais. Tá clár samhraidh na bliana seo ag tógáil ar chlár samhraidh 2021.

2. Tairseach Clárúcháin Ar Líne

Ní mór d'iarbhunscoileanna ar mian leo páirt a ghlacadh i gclár samhraidh 2022 clárú ar [Thairseach Chlárúcháin ar Líne na roinne](#).

Iarrtar ar scoileanna an fhoirm seo a chomhlánú agus a chur isteach ag léiriú rannpháirtíochta ar, nó roimh, Dé Máirt 24 Bealtaine 2022 ag 12i.n.

Tar éis clárúcháin, eiseofar litreacha smachtbhanna chuig scoileanna le haghaidh gach cláir ón Roinn ag cur síos ar na hacmhainní atá ceadaithe.

3. Sonraí faoin gclár

Tá mionsonraí le fáil sa [Treoir ar Chlár Samhraidh 2022 le haghaidh Iar-Bhunscoileanna](#)

4. Maoiniú atá á Chur ar Fáil

Caipitíocht

Íocfar deontas neamhphá de €30 sa tseachtain in aghaidh an dalta le gach scoil atá rannpháirteach. Féach alt ó Maoirseacht Airgeadais maidir le cuntasaíocht a dhéanamh don deontas seo.

(ii) Iompar

- **Scéim Iompair Scoile maidir le Riachtanais Speisialta Oideachais (SNA)**

D'fhéadfadh seirbhísí Scéim Iompair SEN a bheith ar fáil do dhaltáí ag a bhfuil riachtanais choimpléascacha, a bhaineann leas de ghnáth as an scéim iompair SEN. I gcás nach bhfuil an t-iompar ar fáil, soláthrófar maoiniú deontais do thuismitheoirí i bhfoirm Saindeontas Iompair (STG).

Ríomhtar an deontas seo bunaithe ar líon na laethanta a fheastalaíonn an leanbh ar scoil, rud a dheimhníonn an scoil ag comhlánú foirm ráitis tinrimh ag deireadh an chláir. Ní mór an fhoirm seo a bheith sínithe ag príomhoide na scoile agus a chur ar aghaidh chuig an Rannóg Iompair Scoile sula ndéanfar aon íocaíocht.

Nuair a chláraíonn scoil don Chlár Samhraidh gheobhaidh sí nasc chuig foirm a chaithfear a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig Rannóg Iompair Scoile na Roinne a luaithe is féidir tar éis clárú má bhíonn seirbhísí SEN ag teastáil ó dhaltáí.

- **Iompar Scoile Príomhshrutha**

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mbeidh Scéim Iompair Iar-bhunscoile na Roinne ag feidhmiú i rith thréimhse na gclár samhraidh in 2022. I gcás go n-aithnítear go bhfuil bac roimh dhaltáí áirithe freastal ar an gclár mar gheall ar fhadhbanna i dtaca le hiompar chuig an gclár samhraidh iar-bhunscoile agus ar ais abhaile uaidh, is féidir le scoileanna a socruithe iompair áitiúla féin a dhéanamh agus is féidir leo na costais bhainteacha a éileamh ón Roinn chuig uasmhéid de €1,750 sa tseachtain in aghaidh na scoile.

Is tábhachtach nach n-eagrófaí iompar ach amháin do na daltaí sin a bhfuil úsáid á baint acu cheana as iompar scoile faoi Scéim Iompair Scoile d'iarbhunscoileanna na Roinne.

Is gá an méid seo a leanas a cheangal le haon éileamh maidir le costais iompair:

- na fáltais chuí, is é sin, fáltais ó chuideachtaí bus príobháideacha, fáltais tacsáí.
- ainmneacha na ndaltaí ar soláthraíodh iompar dóibh chuig an gclár samhraidh agus ar ais abhaile uaidh agus
- deimhniú go bhfuil siad ag baint leasa as an scéim iompair iar-bhunscoile faoi láthair agus cuireadh faoi bhráid summerschemeclaim@education.gov.ie í nuair a bheidh an clár críochnaithe.

5. Faisnéis faoi Sholáthar Foirne

(i) Ról an Mhaoirseora

Is gá do gach scoil Maoirseoir amháin a cheapadh ar an gclár samhraidh. Níl ról an Mhaoirseora srianta do Phríomhoide na scoile amháin, ach caithfidh múinteoir buan sa scoil rannpháirteach é a dhéanamh.

Níl cead ag an maoirseoir páirt a ghlacadh sa chlár i ról múinteoireachta toisc go mbeidh siad freagrach as an gclár a chomhordú agus a threorú laistigh den scoil.

Is é ról an Mhaoirseora ná an clár samhraidh a bhainistiú/a mhaoirsiú agus is gá dó/di a bheith i láthair sa scoil ar feadh thréimhse iomlán an chlár le go bhféadfaí déileáil le haon cheisteanna a d'fhéadfadh teacht aníos.

Is féidir ról an Mhaoirseora a roinnt idir níos mó ná múinteoir buan amháin laistigh den scoil. É sin ráite, ní féidir ach le maoirseoir amháin oibriú sa cháil sin ag aon am amháin. Íocfar gach maoirseoir as na laethanta/seachtainí den chlár a n-oibríonn siad sa ról maoirseora.

Uaireanta ullmhúcháin

Déanfar uaireanta ullmhúcháin a leithdháileadh ar 10 n-uaire an chloig in aghaidh an chlár in aghaidh na seachtaine do gach seachtain den chlár.

Is féidir le haon mhúinteoir(i) atá fostaithe ag an scoil uaireanta ullmhúcháin a dhéanamh, lena n-áirítear an múinteoir atá ceaptha do ról an Mhaoirseora.

(iii) Rátaí íocaíochtaí

- **Íocaíochtaí le maoirseoirí, múinteoirí agus SNAanna**

Íocfar maoirseoirí, múinteoirí agus SNAanna a oibríonn ar an gclár as an obair seo bunaithe ar an méid a íoctar de ghnáth leo i rith na scoilbhliana, is é sin, a ráta pearsanta. Íocfar uaireanta ullmhúcháin ar an gcaoi chéanna.

Beidh tairseach ar líne ar fáil do scoileanna i mbliana, le héilimh íocaíochta a chur isteach agus chun an próiseas a shimpliú. Déanfaidh an Roinn a dícheall na hamanna íocaíochta a laghdú i mbliana do gach éileamh iomlán íocaíochta a chuirtear isteach roimh na spriocdhátaí foilsithe. Déanfaidh an Roinn íocaíochtaí le múinteoirí agus SNAanna a phróiseáil de réir mar a fhaigheann siad foirmeacha éilimh ar íocaíocht i rith an tsamhraidh.

- **Rátaí pá d'ionadaithe**

Íocfar luach saothair breise le múinteoirí ar conradh agus le SNAanna bunaithe ar an méid a íoctar leo de ghnáth i rith na scoilbhliana, is é sin, a ráta pearsanta. Íocfar ráta pá in aghaidh an lae/uair an chloig le gach duine eile.

(iv) Próiseas Íocaíochta

Don chlár 2022, bainfidh scoileanna rannpháirteacha úsáid as córas Esinet na Roinne chun éilimh a chur isteach. Fágfaidh sé sin go mbeifear in ann éilimh a phróiseáil ar bhonn leanúnach i rith an tsamhraidh agus go laghdófar an spleáchas ar éilimh i scríbhinn.

Tá an Príomhoide nó an Riarthóir Áitiúil le ról Fhormheasta Sonraí agus Iontrála Sonraí a athcheapadh laistigh den scoil chun críoche chlár an tsamhraidh.

Cuirfidh an Roinn treoir agus tacaíocht ar fáil le linn an phróisis. Eiseofar tuilleadh sonraí ar conas is féidir éilimh a chur isteach chuig na scoileanna rannpháirteacha in am trátha.

6. Maoirseacht Airgeadais

Ba cheart an t-ioncam agus an caiteachas bainteach a thaifeadadh mar is cuí i gcuntais na scoile. Is gá na cóid chuntasaíochta FSSU seo a leanas a úsáid:

Cód Ainmniúil	Cur síos
3293	Ioncam Deontais Soláthar Samhraidh
4909	Costais Sholáthar Eile Samhraidh

Fiosrúcháin agus Tacaíocht

Is féidir gach acmhainn faisnéise agus oiliúna ábhartha don chlár samhraidh a fháil ag an [nasc seo](#).

Is féidir aon cheist eile a sheoladh chuig schoolsummerprogramme@education.gov.ie

Tá líne chabhrach do Chlár an tSamhraidh ar fáil freisin ag 09064 84292.

Is féidir tuilleadh eolais nó soiléiriú a fháil ar aon cheann de na saincheisteanna sa Treoirlíne seo ach dul i dteagmháil le FSSU.

Guthán: 01-269 0677
info@fssu.ie

An 19 Bealtaine 2022